Carol Betera - Brionglóidí
©Carol Betera
(ó chlúdach an leabhair ***Brionglóidí & Aistir Eile*** (Áine Ní Ghlinn), foilsithe ag Cló Mhaigh Eo)

Brionglóid na hEilifinte

Neadaím anseo go cluthar
ar bharr crainn
Mo chraiceann glas i bhfolach
i measc na nduilleog

Áine Ní Ghlinn
(*Brionglóidí agus Aistir Eile*)

Bí ag Smaoineamh/Bí ag Plé

Inis dom faoin eilifint sa phictiúr seo.
Cén sórt bríonglóidí a bheadh ag ainmhithe eile, dar leatsa?
B 'fhéidir go mbeadh madra ag brionglóideach faoi chnámh ollmhór? Céard faoi ainmhithe eile?
Roghnaigh ainmhí ar bith agus smaoinigh ar an mbrionglóid a bheadh aige, dar leatsa.

Céard fút féin? An mbíonn brionglóidí spéisiúla agatsa? An cuimhin leat brionglóid dheas a bhí agat?
An mbíonn tú ag brionglóideach agus tú i do dhúiseacht? Céard faoi?

An raibh tromluí (nó brionglóid scanrúil) agat riamh? Cad a tharla? An raibh eagla ort nuair a dhúisigh tú?
B'fhéidir go mbeadh an tromluí seo ag an eilifint agus í beag bídeach …

Tromluí na hEilifinte

Damhán alla
Sa tóir orm
Táim gafa
sa ghréasán

Áine Ní Ghlinn (*Brionglóidí agus Aistir Eile*)

An féidir leat smaoineamh ar an tromluí a bheadh ag ainmhí eile, dar leatsa?

Bí ag Scríobh

Scríobh 4 - 6 líne (dán nó scéal) faoi do bhrionglóid féin. Ní gá go mbeadh sé fíor. Scríobh isteach sa phictiúr é más maith leat
nó
Roghnaigh ainmhí ar bith agus scríobh dán nó scéal gairid faoin mbrionglóid (nó an tromluí) a bheadh ag an ainmhí sin. Cuir isteach sa phictiúr é, más maith leat

Déan do phictiúr féin de bhrionglóid ar bith agus cuir do dhán/scéal isteach ann.



©Áine Ni Ghlinn